

## Aiseag iomshlán do uair Tadhg

[McKenna, L.: *Aithdiogluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 5]

Tadhg Ó hUiginn cct.

1 Aiseag iomshlán do uair Tadhg  
ó nach iomshlán cruaidh a cholg,  
críoch a shean gun uasal ard  
Tadhg suasan do lean an lorg.

2 Mac Cathail Óig do uair gnaoi  
na cóig achaidh do uair sé;  
do chuaidh ó bheith mar do bhí,  
gach ní ar ar fheith do uair é.

3 Mac Cathail nar ghabh ó ghuin  
a bhladh ós athair an fhir;  
cóig sluaigh ag teachta dá thoigh,  
mar soin do-chuaidh eachtra an fhir.

4 Iomdha féinnidh ag buain both  
an uair fa n-éirigh a-mach;  
mar théid rí Oilih ar each  
goiridh an neach ga mbí an brath.

5 Fir do fhréimh Tuathail gá dtám  
a réir is uathaibh as eol;  
leagar [dá] sgoil féine an fíon,  
ní fhoil síol Créidhe acht don cheol.

6 I n-urchomhair Gall do ghein  
Ó Conchobhair dan cam dair;  
a lámhach do-gheibh a ghuin  
ag sein a bhfuil d'árach air.

7 Aige féin ní an a fhearg  
go rabh a chéim 'n-a chéim ard;  
gabhaidh Banbha ó bhurd do bhurd,  
tarla i n-urd a dtabhair Tadhg.

8 Lucht foghla ó fuair ar a chionn  
do-chuaidh is an gcolbha reann,  
fágbhaidh dá éise an cioth crann  
rioth ag barr Céise 'n-a cheann.

9 Sealbh iomdhaidhe i dtulaigh Thé  
ag curaidh fhionnMhoighe Aoi,  
sgiath datha i dteaghdhois Dá Thí

is rí Lacha Fearghois faoi.

10 Nochtar gormlann tana ag Tadhg  
- gabha ní fhoghnann gan ord;  
laoch mear a Bruighin Dá Bhearg  
do dhearg um Theagh gCuiridh colg.

11 An cath is ar a thí a-tá  
- gan ní dá bhrath nocha biu;  
éinfiuchadh má uair do chrú  
ní smuain tú réidhiuchadh riu.

12 God thogra do Thoigh na nGiall  
gan togra a-noir agad neoll,  
ráth Teamhra agus sibh i suan  
a luadh, a fhir Bearbha, id bheol.

13 Meinic bhí, a chroinn t'fhéine ós fhiodh,  
a rí ó gCréidhe, ar cloinn sadh;  
iomdha um nóin seabhac is sodh  
ag dol reamhat go mbróin ban.

14 Mar bhíos fíon ag guin do ghruadh  
agus ful na ríogh a-raon,  
gomadh beag ibhe don fhíon,  
bíodh cead a ibhe ag gach aon.

15 Do riár, a Thaidhg, gémadh trom  
mairg re mbiadh do theann i dteann;  
iomdha fola ós íseal ann  
dá dtísead am cora id cheann.

16 Mana gríosa d'allaibh aoil  
gan do chíosa ar clannaibh Róigh;  
tugais ucht ar fhine mBriain  
slighe id dhiaidh ag lucht an lóin.

17 Fuil ó orlaidhe th'airm áith  
is baidhbh id chomhghaire i gcléith,  
má rugais cách ar Carn Fraoich  
badhbh [i maoith] ar sgáth do sgéith.

18 A mbí, a fhéinnidh Midhe, id mhúr  
gan éindigh d'ibhe acht a hór  
iomdha id lios duine ar budh díol  
im shlios ríogh dá suidhe an slógh.

19 Iomdha im Éirne doighear dhearg  
thoirean ag éirghe go hard;

deargfa, a rí Cliodhna, do cholg  
ar lorg tiomna na dtrí dTadhg.

20 Sneachta 'n-a thráth ní feas fúibh,  
teas ag teachta i n-a thráth féin,  
fearthain ionmhall do fhear dhaoibh  
re taoibh iodhlann ngeal don ghréin.

21 Lán gach fionnmhagh lán gach loch  
mar as lán an fhiodhbhadh d'ioth  
dol i gcoille i gceann a bheach  
fearn le neach coinne re cioth.

22 Sreabha i gcaladhaibh go ciuin  
acht eala ag canamhain ceoil;  
mó� do theilg an ghrian do ghaoibh  
a-niar 'n-a caoir dheirg fa dheoidh.

23 Mac mheic Cathail ó Charn Fraoich  
rachaíd i ngleic le harm n-áith  
giolla fionn ó Léim an Léith  
a réir is féith i gcionn cháich. Aiseag.